## Ár n-aidhmeanna

Is é aidhm na heagraíochta ná leas phobail Eireann a chur chun cinn, anfiadhúlra a chaomhnú le béim ar oideachas agus ar thuiscint na ndaoine a mheadú.

## Téigh i dteangmháil linn

**Ríomhphost:** Beaumontcnn@gmail.com
**Web:** corknaturenetwork.ie
**Guthán:** +353 87 228 2040
**Facebook:** BeaumontQuarryProject/
**Twitter:** @CorkNatNetwork
**Instagram:** @cork_nature_network


Ar mhaith leat a bheith mar bhall do Cork Nature Network chun cabhair a thabhairt don iarracht thábhachtach seo a leanúint ar aghaidh. Le do thacaíocht, déanfar tuilleadh taighde eiceolaíochta agus cosnófar an fiadhúlra dá bharr.

Meadhbh O' Leary Fitzpatrick & Gearóid Ó Laoghaire as an aistriúcháin a dhéanamh agus Isobel Abbot don griangraphadóireacht.

Tá an leabhrán seo maoinithe ag Chomhairle Cathrach Chorcaí

# An Cairéil Beaumont

## CUAN SÍOCHÁNA NADÚRTHA SUITE I GCATHAIR CORCAÍ



Registered Office; An Siblin, Ballinvoher, Castletownroche, County Cork
Company N°560881 /RCN 20103200 CHY 21602

Cork City Council

*Is áit fíor luachmhar í an seanchairéal aolchloch seo ní amháin don fhiadhúlra aitiúl ach is áit iontach í leis atá ag feidhmiú mar leas nadúrtha don phobail go forleathan.*

## Stair an Chairéil

Tréigeadh an cairéal i rith na 1960idí ach roimhe sin ba thionscal an-áisiúil do Chathair Chorcaí é. Mar shampla, do sholáthair an cairéal an aolchloch a usáideadh chun Teach Beamount (*Tigín an teaghlaigh Beamish*), Ard Eaglais Fhionnbarra, Na Tithe Cúirte, Banc Sabhála Chorcaí agus Tobar Berwick atá lonnaithe ar Shráid an Chapaill Bhuí, a dtogáil. Ó na 60idí ar aghaidh, do tháinig áthfhfáisriú air agus is tearmann mareachtála anois é don fhiadhúlra áitiúil. Tacaíonn an chairéal féarthalamh cailcreach tirim, féarthalamh fliuch, coillearnach leath-nadúrtha mheasctha, scrobarnach, carraig nochta, agus gnáthhóg pluaise.



## Plandaí agus Ainmhithe

Is áit ina chítear roinnt speiceas plandaí nach bhfaightear go coitianta in Éirinn, mar shampla an t- Eireaball rí (*Geranium purpureum*). Fásann an bláthín beag bándeirge seo i scoilteanna sna carraigeacha agus ins na ballaí aolchlocha. Cuimsíonn Beaumont naoi gcinn des na h-aon láithreán déag atá aitheanta i gCathair Chorcaí.



Ina theannta sin, aimsítear an líon beag (*Linum bienne*) agus Buaflíon coitinta (*Linaria vulgaris*), speiceas eile atá an-ghann in Éirinn. Cíallíonn san go bhfuil fíor thábhacht le Cairéal Beaumont ó thaobh na heiceolaíochta logánta dhe. Clúdaíonn coillearnach leathanduilleach teorainn an chairéal. Crainn fuinseoige (*Fraxinus excelsior*) go mór mhór atá le feiscint ann chomh maith le seiceamar (*Acer sp.)* agus crainn sailí (*Salix cinerea*). Aimsítear crainn óga darach ann ó am go hám.



Mealltar féithidí ann mar gheall ar na faillte atá ag feidhmiú mar fhoscadh teasa dóibh. Aimsítear deich speiceas eagsúla d'fheileacáin, gormán coiteann (*Polyommatus icarus*), agus gormán cuileann (*Celastrina argiolus*) san áireamh ann. Bíonn raidhse bombóg (*bumble bees*) agus beachghabhair (*hover flies*) ag eitilt thart a gcothaíonn na plandaí bláthanna. Is cuan nádurtha é do speiseas éin áitiúla dúchasacha go háirithe na cinn uirbeacha chomh maith le na himircigh samhraidh (*éin ar nós na fáinleoige* [*Hirundo rustica*]).

## Tábhacht an Chairéail



- Is láithreán an-thábhachtach é i leith na heiceolaíochta mar gheall ar an bhféarach cailcreach a gcothaíonn réimse leathain speiceis.
- Bainistítear an láithreán don fhiadhúlra agus mar áit só ar mhaith leis anphobail.
- Is áit álainn fhián í atá uathúil do chathair Chorcaí.

## An obair atá á dheanamh againn…

- Eagraíonn Cork Nature Network imeachtaí agus glantacháin ann go rialta.
- Bíonn Picnic bhliaintiúla ann ina ndéantar céiliúradh ar an gcairéal le ceol, bia agus eachtraí dos na leanaí

Cork Nature Network

## Tabhair cabhair dúinn, le do thoil, an cairéal a choimeád slán.

**Tar agus bí páirteach sna glantacháin éagsúla.**

**Scaip an focal faoin gcairéal agus an tábhacht a mbaineann leis. Buail 'like' duinn ar Facebook chun choimeád suas leis na heachtraí ar fad.**

**Téigh i dteangmháil le beaumontcnn@gmail.com má thá suim agat ann.**